

SGÉAL NA MUICE DUIBHE.

Maighistir scoile abhí ann agus bhí sé munadh sgoiláireacht. Ní raibh aon chreideamh maith ag an maighistir ná ag na sgoiláiribh. Bhí buachaill beag amháin a raibh creideamh maith aige féin agus ag athair agus bhí an buachaill a dhul an scoile an aonfeacht leis an gcuid eile. Ar uair a dó dheag a gcomhnuidhe nuair a leigfheadh an máistir amach iad a deanamh a gcuid pleisiúir dheanfadh sé muc dhubh dhe fhéin agus dhá bhanabh dhéag dhubh dhe na gasúir nach raibh mórán creideamh acab agus banabh bán dhe'n ghasúr a raibh creideamh aige. Bhí an gasúr ansoin ag imteacht as agus dfhiarruigh a athair de céurd abhí air. "bhoil" adeir an gasúr "ar uair a dó dhéag chuile lá nuair leigeans an maighistir amach muid deanan sé muic dhubh dhe fhéin agus dá bhanabh déag dhubh dhe na gasúir agus banabh bán díomsa. Teagann na banibh eile agus bíonn siad a cur a smut fúm-sa agus go ma cur 'san aer agus teagann sé fhéin agus cuireann se a smut fúm agus caitheann sé suas san aer ar fad mé." "Bhoil" adeir a tathair fanfhaidh tú sa mbaile a maireach agus gheobhfhaidh mise congnamh agus cuirfhidh muid amach sa tSionainn iad."

Chonnuigh sé an gasúr ansoin lá'r na mhaireach agus chruinuigh sé congunamh fear agus ar uair a dhó dhéag nuair a chuaidh an maigistir mór seo agus a chuid banaibh amach tháinig siad ar chaon taobh dhíob agus chuir siad amach 'sa tSionainn iad. Níl aon lá ochoin nach bhfuil an tSionainn ag eirigh, ní dearnaidh sí aon millteanas ariamh gur cuireadh an mhuc dhubh agus na bainibh amach innti.

17/3/32.